

Aidhm 4 – Pionós a Ghearradh i leith Iompar Míchuí i dtaca le Cuideachtaí Dócmhainneacha

Réamhrá

Tá deacrachtaí airgeadais ag bualadh níos mó cuideachtaí anois de bharr an lag trá sa gheilleagar agus tá sé thar bheith tábhachtach go gcinnteoidh stiúrthóirí cuideachta go mbeidh siad freagracht i mbun gníomhaíochta i ndáil le páirtithe leasmhara agus go háirithe i ndáil leo siúd a chaillfidh airgead má tharlaíonn loiceadh dócmhainneach don cuideachta. Le go mbeidh siad freagrach agus tráthúil i mbun gníomhaíochta chun an chuideachta a shábháil nó, murar féidir sin, chun beart a dhéanamh le cuideachta dócmhainneach a fhoirceannadh ar bhealach ordúil agus iomchuí ba mhaith an mhaise do stiúrthóirí comhairle chuí a ghlacadh lena n-áirítear comhairle ghairmiúil. Mí chliseann

ar stiúrthóirí gníomhú go freagrach féadfaidh sé go gcuirfidh an Chúirt pionóis orthu amach anseo.

Léireofar sa chuid seo den Tuarascáil obair OSFC i 2008 i ndáil le:

- cuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú agus
- cuideachtaí neamhleachtaithe nó cuideachtaí dócmhainneacha díscailte.

Treochtaí Leachtaithe

Sa tábla a leanas léirítear líon na leachtuithe a cuireadh in iúl don OCC le blianta beaga anuas.

Leachtuithe	2004	2005	2006	2007	2008
Leachtuithe Creidiúnaithe	321	300	323	308	530
Leachtuithe Cúirte	40	49	31	36	83
Iomlán na gCuideachtaí Dócmhainneacha	361	349	354	344	613
Leachtuithe Comhaltáí	827	868	930	1,057	1,051
Na Leachtuithe uile	1,118	1,217	1,284	1,401	1,664

D'fhan líon na leachtuithe sócmhainneacha mórán mar an gcéanna idir 2007 agus 2008. Ach bhí ardú de 78% go dtí 613 ar líon na gcuideachtaí dócmhainneacha a cuireadh faoi leachtú agus is léiriú an méadú mór seo ar an meath tobann ar an ngeilleagar náisiúnta.

Tá go leor cuideachtaí ag tabhairt aghaidh ar dhúshlán shuntasacha faoi láthair. Maidir le meánlíon na leachtuithe dócmhainneacha bhí ardú ó 33 in aghaidh na míosa sa chéad ráithe de 2008 go 60 in aghaidh na míosa sa ráithe dheireanach. Ach tá súil leis go méadóidh an leibhéal sin a thuilleadh i 2009.

Cuideachtaí Dócmhainneacha faoi Leachtú de réir Earnáil Eacnamúil

Léirítear in **Aguisín 4.1** briseadh síos de réir earnáil eacnamúil ar chuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú trí thagairt a dhéanamh do na chéad tuarascálacha a fuarthas ó leachtaitheoirí i 2008. Ní haon iontas gur in earnáil na tógála a tharla níos mó ná a thrian de na leachtuithe dócmhainneacha uile a tuairiscíodh. Tríd is tríd bhí ardú de 81% ó 78 go 141 ar líon na gcuideachta dá leithéid a cuireadh faoi leachtú i 2008 i gcomórtas le 2007 i gcomhthéacs ardú de 42% ar fud na n-earnálacha uile. Taifeadadh arduithe inchomparáide i dtaca le ceapa níos lú

in earnáil na margaíochta agus na bolscaireachta (+138%), san earnáil earcaíochta agus slándála (+86%) agus san earnáil phobail agus shóisialta (+79%), rud atá níos deacra a thuiscint b'fhéidir.

Cuideachtaí Dócmhainneacha Neamhleachtaithe/Díscailte

Mar a cuireadh in iúl i dTuarascálacha Bliantúla a eisíodh roimhe níl aon fhigiúirí deimhnithe a thugann léargas ar iomlán na gcuideachtaí dócmhainneacha neamhleachtaithe agus díscailte. Ag aon am amháin féadfaidh sé go bhfuil roinnt chéad cuideachta dhócmhainneacha neamhaitheanta ar Chlár na gCuideachta atá éirithe as trádáil agus nach bhfuil curtha faoi leachtú. Bainfear go leor díobh sin den Chlár áfach in am agus i dtráth.

Tá figiúirí an OCC maidir le líon na gcuideachtaí díscailte le fáil, ach foláionn siad idir chuideachtaí sócmhainneacha agus chuideachtaí dócmhainneacha. Braitheann líon na gcuideachtaí a dhíscailtear in aon bhliain ar bith ar ghníomhaíocht na bpáirtithe ábhartha a mbíonn ag iarraidh an chuideachta a bhaint den Chlár. Na caveat sin curtha san áireamh coimrítear sa tábla a leanas líon na gcuideachta a baineadh de Chlár na gCuideachta ó 2004 go 2008.

Cineál na Cuideachta Díscailte	2004	2005	2006	2007	2008
Bainte den Chlár ²³ ag OCC	1,401	9,514	5,255	4,085	5,804
Bainte den Chlár ²⁴ ag na Coimisinéirí Ioncaim	1,599	794	444	149	223
Bainte den Chlár ²³ go Deonach	3,595	3,316	3,757	3,975	4,542
Iomlán	6,595	13,624	9,456	8,209	10,569

Fo-Aidhm 4.1: Leachtaitheoirí a Mhaoirsiú agus iad ag Comlíonadh a nDualgas go Cuí

Ag tuairisciú faoi Alt 56 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001

Léirítear próiseas agus scóip tuairisciú leachtaitheora in dhá fhoilseachán OSFC, Fógra Cinnidh D/2002/3 arna comhlánú le Fógra Cinnidh D/2003/1²⁵. Mar achoimre, tá ceangal dlí ar leachtaitheoir i gcuideachta atá faoi leachtú dócmhainneach forléasadh na cuideachta agus iompar aon duine a bhí ina stiúrthóir uirthi sa 12 mhí sular cuireadh faoi leachtú í a thuairisciú do OSFC. Ní mór don leachtaitheoir iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt ar ordú srianta²⁶ le haghaidh gach duine de na stiúrthóirí mura ndíolmhaíonn an OSFC ón oibleagáid sin é. Measann an Oifig go bhfuil an díolúine oiriúnach nuair a chuireann an leachtaitheoir cosaint loighciúil faoina bráid a thacaíonn le dearbhú gur ghníomhaigh an stiúrthóir go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta a stiúradh aige/aici.

Tá sonraí maidir le líon na dtuarascálacha leachtaitheora i 2008 in **Aguisín 4.1.1**. Fuarthas 1,174 tuarascálacha leachtaitheora (1,007 in 2006). Ba thuarascálacha tosaigh²⁷ a bhí i 406 díobh sin (286 i 2007) ó 102 leachtaitheoir, agus ba thuarascálacha breise²⁸ nó deiridh²⁹ an 768 eile díobh (721 i 2007) ar leachtuithe cuideachta.

I 2008 ba é 95% (96% i 2007) ráta géilliúntais na leachtaitheoirí a chuir an céad tuarascáil isteach in am. Rinne an Oifig monatóireacht freisin le cinntiú go raibh leachtaitheoirí ag cur isteach na tuarascálacha breise agus deiridh. Maidir leis na tuarascálacha uile a bhí dlite bhí ar an Oifig dul i mbun cumarsáid fhoirmeálta le 54 leachtaitheoir ar 110 ócáid (121 ócáid i 2007) le cur in iúl dóibh go raibh mainneachtain déanta acu maidir lena n-oibleagáidí tuairiscithe reachtúla.

Bhí caighdeán na dtuarascálacha a fuarthas go sásúil den chuid is mó i 2008 mar a bhí cheana. Bíonn an réimse seo faoi réir athbhreithniú leanúnach d'fhonn caighdeán an tuairiscithe a choinneáil slán.

Saincheistanna eile um Leachtaitheoir agus Ghlacadóir

Fuair OSFC ceithre thuarascáil ó beirt leachtaitheoir i 2008 faoi Alt 299 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú). Ní dhearna aon ghlacadóir tuarascáil faoi Alt 299. Léirítear i dtuarascálacha den chineál sin, má dhéantar iad, an tuairim go bhféadfaidh iaroifigeach/iarchomhalta nó oifigeach/comhalta bheith ciontach i gcion maidir leis an gcuideachta a bhfuil sé/sí faoi dhliteanas coiriúil ina leith. I gcás ceann amháin de na tuarascálacha seo beidh an leachtaitheoir lena mbaineann ag tionscnamh imeachtaí srianta ina leith i 2009. Bhíothas ag breithniú na trí chás eile ag deireadh na bliana.

Ní fuair OSFC aon tuarascálacha i 2008 ó chomhlachtaí gairmiúla forordaithe maidir le hamhras faoi mhí-iompar leachtaitheora nó glacadóra de bhun alt 58 d'Acht na bliana 2001.

Níor iarraidh OSFC taifid leachtaitheora³⁰ nó glacadóra³¹ i 2008.

Athbhreithniú OSFC ar a Cleachtais ag eascair as Breithiúnas na Cúirte Uachtaraí le gairid

I mBreithiúnas na Cúirte Uachtaraí i 2008 cuireadh de cheangal ar an Stiúrthóir go ndéanadh sé athbhreithniú ar nósanna imeachta na hOifige sa mhionlach de chásanna ina gcinneann sí gan ghlacadh le moladh leachtaitheora go scaoilfí óna (h)oibleagáid é/í imeachtaí srianta a thionscnamh i gcoinne stiúrthóir amháin nó níos mó. Bhain an breithiúnas le hachomharc stiúrthóir Tralee Beef and Lamb Ltd. (Faoi Leachtú) i gcoinne a shrianta. I **Léiriú 4.1.1** a leanas cuirtear breis sonraí ar fáil maidir leis an gcás agus maidir le breithiúnas na Cúirte Uachtaraí.

23 Alt 311 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú) agus alt 12 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 (arna leasú).

24 Alt 882 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

25 Tá na doiciméid seo ar fáil ag www.odce.ie/en/media_decision_notices.aspx.

26 Sa chás go bhfuil duine aonair srianta, is féidir leis/léi gníomhú mar stiúrthóir nó mar rúnaí ar chuideachta ar feadh tréimhse chúig bliana ina dhiaidh sin ar an choinníoll amháin go dtagann an chuideachta sin le ceangail chaipitlithe iosta áirithe. I gcás cuideachta príobháidí, éilítear íosmhéid scairchaipitil ghlaite de €63,487. I gcás cuideachta theoranta poiblí is é €317,435 an figiúr comhfhreagrach. Ina theannta sin ní mór go mbeidh an scairchaipiteal glaoite íoctha ina iomláine in airgead úirim. Ceadáíonn ordú srianta do dhaoine aonair áis a bhaint as leasanna dliteanaí theoranta ar bhonn leanúnach. Duine a sháraíonn srianta na coinníollacha caipitlithe áfach beidh sé/sí i mbaol a c(h)iontair i gcion indíotáilte agus i mbaol a f(h)íneáil agus a d(h)ícháilithe ar feadh cúig bliana.

27 Is éard is tuarascáil tosaigh ann an chéad tuarascáil a fhaightear ó leachtaitheoir taobh istigh de sé mhí ó am a cheapacháin agus i bhformhór na gcásanna is ar bhonn na tuarascála sin a dhéantar an cinneadh maidir le faoiseamh a dheonú nó gan a dheonú. I roinnt cásanna deonaítear faoiseamh 'ag an am seo' d'fhonn imscrúduithe breise an leachtaitheora a éascú.

28 Is gnách go bhfaightear tuarascáil bhreise ón leachtaitheoir sé mhí ina dhiaidh má deonaíodh faoiseamh 'ag an am seo' agus dhá mhí dhéag ina dhiaidh más amhlaidh nach bhfuil an cinneadh faoi faoiseamh a dheonú nó gan a dheonú fós déanta. Is ar an dóigh seo a dhéanann an OSFC monatóireacht ar dhul chun cinn leachtaithe dhócmhainnigh. Os rud é gur ar bhonn na tuarascála tosaigh a dhéanfar an príomhchinneadh maidir le cé acu an díolmhófar leachtaitheoir ón oibleagáid imeachtaí srianta a thionscnamh is cinntí um 'faoiseamh' a bheidh i bhformhór na gcinntí i gcás tuarascálacha breise. An eisceacht maidir leis sin is ea nuair a bhí 'faoiseamh ag an am seo' deonta níos luaithe d'fhonn freastail a dhéanamh d'imscrúduithe breise an leachtaitheora.

29 Faightear tuarascáil deiridh ó leachtaitheoir ceithre seachtaine roimh chruinnithe deireanacha nó roimh díscailleadh deireanach más leachtú Cúirte atá sa leachtú. Is cleachtas monatóireachta deiridh OSFC é seo sula ndíscailfear cuideachta dhócmhainneach.

30 Faoi alt 57 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001.

31 Faoi alt 323A d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna chur isteach ag alt 53 d'Acht na bliana 2001).

Léiriú 4.1.1: Tralee Beef & Lamb Limited (Faoi Leachtú)

Cuideachta ab ea Tralee Beef and Lamb Ltd. le stiúirthóir feidhmeannach amháin agus le triúr stiúirthóir neamhfheidhmeannacha. Tar éis don chuideachta dul faoi leachtú i 2002 thuairiscigh an leachtaitheoir Tom Kavanagh don OSFC gur chóir imeachtaí srianta a thionscnamh i gcoinne an stiúirthóra fheidhmeannaigh agus i gcoinne beirt de na triúr stiúirthóir neamhfheidhmeannacha. Mhol sé áfach nár chóir go dtionscnófaí imeachtaí i gcoinne an tríú stiúirthóir neamhfheidhmeannach (Simon Coyle a cheap infheisteoirí an Scéim Méadaithe Gnó). Tar éis do OSFC tuarascáil an leachtaitheora a bhreithniú tháinig sí ar an tuairim gur chóir go dtabharfadh gach duine den triúr stiúirthóir cuntas don Ard-Chúirt maidir lena n-iompar.

Ina dhiaidh sin chuir an Ard-Chúirt srianadh ar stiúirthóirí uile na cuideachta. Ach rinne an tUasal Coyle achomharc i gcoinne chinneadh na Cúirte.

An 1 Feabhra 2008 chuir an Chúirt Uachtarach ar leataobh Ordú na hArd-Chúirte a chuir srianadh ar an Uasal Coyle. I gcúrsa a bhreithiúnas cháin an Breitheamh Hardiman:

- an creat reachtach trína gcuirtear srianadh ar stiúirthóirí; thug sé *“draconian”* ar ghnéithe den chreat sin. Cuireadh in iúl go sonrach gur díol buartha é Alt 56 a chuireann oibleagáid ar leachtaitheoirí cuideachtaí dócmhainneacha ordú srianta a iarraidh i gcás nach ndéanfaí OSFC díolúine ón oibleagáid sin ainneoin mholadh an leachtaitheoir go ndéanófaí, agus Alt 150 a chuireann dualgas cruthúnais aisiompaithe ar stiúirthóirí cuideachta chun an Chúirt a shásamh maidir lena n-ionrachas, lena bhfreagracht agus na hiarmhairtí a ghabhadh le srianadh ar cháil *“fhear ghairmiúil”* cosúil leis an tUasal Coyle i gcomórtas le *“stiúirthóir ‘cowboy’”*;
- an dóigh ar láimhseáil an Ard-Chúirt an cás. Measadh go raibh an srianadh a cuireadh ar an Uasal Coyle fabhtach toisc gur fairsingíodh dlí a bhí ann cheana chun é a shrianadh gan an fairsingiú a bhí molta ná a théarmaí a phlé ag an éisteacht. Cuireadh in iúl freisin gur dhíol buartha é nach raibh an cás i gcoinne an Uasail Coyle sainithe sách maith san Ard-Chúirt a rá nach ndearna an leachtaitheoir aon cháineadh agus nár eisigh OSFC aon ráiteas maidir leis na fáthanna gur diúltaíodh díolúine;
- an modh ar dhiúscair OSFC an ról a bhí aici. Cáineadh an diúltú d'iarratas an leachtaitheora go ndíolmhófaí an tUasal Coyle, an loiceadh na fáthanna a bhí leis an diúltú a insint agus gan bheith i láthair ag na héisteachtaí san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach. (Dealraíonn sé nár chuir comhairleoirí dlí an leachtaitheora in iúl don Chúirt Uachtarach roimh an éisteacht go raibh OSFC toilteanach páirt a ghlacadh in éisteacht an achomhairc os comhair na Cúirte Uachtaraí.)

I ndiaidh an Bhreithiúnais agus ag éirí as iarratas an Uasail Coyle ar a chostais (i gcúinsí nach raibh maoiniú dóthanach le fáil ón leachtú chun aon deonú costais dá leithéid a chlúdach), tugadh cuireadh do OSFC teacht os comhair éisteacht na Cúirte Uachtaraí i ndáil leis an iarratas seo. Phléigh na páirtithe éagsúla an cás agus mar aitheantas ar imthosca áirithe an cháis d'aontaigh OSFC ranníocaíocht a dhéanamh i gcomhair chostais achomharc an Uasail Coyle os comhair na Cúirte Uachtaraí. Ar an mbonn sin ní dhearna an Chúirt Uachtarach aon ordú maidir le costais.

Is soiléir gur breithiúnas tábhachtach breithiúnas na Cúirte Uachtaraí ach is rud atá fós le déanamh amach cén tábhacht a bheidh leis maidir le hoibriúcháin córas maoirsithe cuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú go ginearálta. Ar a shon sin chuir na tráchtanna a rinneadh an Chúirt sa réimse seo iontas ar OSFC toisc go sílfi go mbeadh scrúdú ó ghné na Bunreachta de déanta ag Oifig an Ard Aighne ar an bhforáil ábhartha lena bhforáiltear do shrianadh ar stiúirthóirí cuideachtaí dócmhainneacha sular achtaíodh í. Chomh maith leis sin ceapadh srianadh go sonrach mar phionós cuí i ndáil le mí-iompar measartha corparáideach. Measadh go mbeadh srianadh comhsheasmhach le ceart coitinne an duine a bheatha a shaothrú dá gceadófaí do dhuine a bhí faoi ordú srianta gníomhú ar bhonn leanúnach i bpost cúramach i gcuideachta ach í bheith caipitlithe go measartha. Ag an am céanna, thabharfadh na rialacha a bhaineann le caipitliú cuideachta cosaint áirithe do chreidiúnaithe agus don phobal i gcoitinne dá gcliseadh ar ghnó an té a bhí srianta níos deireanaí.

Maidir le cur i bhfeidhm chóras Alt 56 is amhlaidh nach bhfuil sé de cheangal ar thart ar cúigeas as gach seisear stiúirthóir cuntas a thabhairt ar a n-iompar san Ard-Chúirt de bharr cinntí OSFC díolúine bunaithe ar a gcuid tuarascálacha a dheonú ar na leachtaitheoirí ábhartha. Bhí ard-chomhréir ar feadh roinnt bhlianta idir cinntí OSFC maidir le díolúine agus cinntí deireanacha na hArd-Chúirte maidir le buanna an tsrianta. Dá réir sin tá OSFC den tuairim nach bhfuil oibriúcháin Alt 56 ag cur aon ualach ródhóthanach ar stiúirthóirí cuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú.

Ag eascairt as tráchtanna na Cúirte Uachtaraí maidir leis an gcás seo léiríonn OSFC anois na fáthanna nach ndéanfaí sí díolúine sa líon beag de chásanna nach nglacann an Oifig le moladh leachtaitheora faoiseamh a dheonú ar stiúirthóir áirithe (mar a tharla i gcás an Uasail Coyle). In ainneoin na dtráchtanna a rinne an Chúirt Uachtarach tá an Stiúirthóir sásta go ndiúscaíonn an Oifig na freagrachtaí atá uirthi sa réimse de réir idir litir agus spiorad an dlí.

Athbhreithniú OSFC ar a Cleachtais maidir le Tuarascálacha Leachtaitheora

Ag féachaint dá hacmhainní teoranta rinne an Oifig athbhreithniú i 2008 féachaint cén athruithe arbh fhéidir a dhéanamh ar nósanna imeachta chun an méadú ar leachtuithe dócmhainneacha a bhainistiú. Ag deireadh na bliana cinneadh ar chealú an cheangail a bhí ar leachtaitheoirí tuarascálacha breise agus deiridh a thabhairt ar aird don Oifig má bhí cinneadh deimhnithe déanta aici iad a dhíolmhú nó gan a dhíolmhú óna n-oibleagáidí ordú srianta a iarraidh maidir leis na stiúrthóirí a bhí i gceist. Ba chóir gurbh fhearrde cumas na hOifige an méid mór tuarascálacha tosaigh leachtaitheora a láimhseáil an cinneadh seo. Laghdóidh sé freisin an t-ualach riaracháin ar leachtaitheoirí amach anseo.

Fo-Aidhm 4.2: Iompar Stiúrthóirí a Mheasúnú in Imthosca Leachtaithe Dócmhainnigh

Rinne OSFC cinntí faoi 1,098 dtuarascáil leachtaitheora i 2008; tuarascálacha tosaigh a bhí i 351 agus tuarascálacha breise nó deiridh a bhí i 747 acu.

Cinntí OSFC i leith Faoisimh

Maidir leis na 351 thuarascáil tosaigh bhí ardú ábhartha ar chomhréir na gcásanna 'faoiseamh iomlán' (ó 65% go 71%) idir 2007 agus 2008 faoi seach agus titim dá réir ar chomhréir na gcásanna 'gan faoiseamh' (ó 10% go 7%). Is soiléir le blianta beaga anuas gur treoche leanúnach atá sa mhéadú ar na cinntí 'faoiseamh iomlán'. Seo a leanas tréithe na gcinntí i leith faoisimh i 2008 (i gcomórtas le 2007):

Cineál an Chinnte	2007	%	2008	%
Faoiseamh iomlán ³²	189	65%	251	71%
Gan faoiseamh ³³	30	10%	23	7%
Faoiseamh 'ag an am seo' ³⁴	63	22%	70	20%
Páirtfhaoiseamh ³⁵	7	3%	6	2%
Cinntí eile	0	0%	1	0%
Iomlán	289	100%	351	100%

Is cinnte nuair a bhíonn cinntí maidir le 'gan faoiseamh' nó 'páirtfhaoiseamh' á ndéanamh ag OSFC nach cinntí maidir le hionrachas nó le freagracht na stiúrthóirí lena mbaineann atá i gceist agus bheadh sé míchuí dá ndéanfaí aon tatal nó aon líomhain dá leithéid. Is faoin Ard-Chúirt (tar éis fianaise leachtaitheora agus mínithe stiúrthóirí cuideachta a éisteacht) atá sé cinneadh a dhéanamh faoi ar chóir dearbhú um shrianadh a dhéanamh maidir le haon stiúrthóir cuideachta faoi leith.

Tá liostaí iomlána de na cuideachtaí ar deonaíodh 'faoiseamh iomlán' agus faoiseamh 'ag an am seo' ina leith le fáil i bhFógra Eolais OSFC Uimh. I/2009/2 ar shuíomh idirlín OSFC ag www.odce.ie.

Le linn do leachtaitheoirí a gcuid tuarascálacha a ullmhú is nós do OSFC iad a spreagadh chun moladh cuí a dhéanamh maidir le faoiseamh trí thagairt a dhéanamh do thorthaí a gcuid imscrúduithe. Le linn di cinntí a dhéanamh maidir le faoiseamh bíonn an Oifig i bhfách lena chinntiú nach gcuirfear ar aon stiúrthóir gan ghá, an trioblóid a bhaineann le héisteacht san Ard-Chúirt i gcás go bhfuil sé léirithe go soiléir aige nó aici gur ghníomhaigh sé nó sí go macánta le linn dó/di cúrsaí an tionscadail loicthe a stiúradh.

Ar Lorg Cinntí Cúirte faoi na hIarratais um Shrianadh

I 2008 rinne an Chúirt cinntí i 54 chás (78 i 2007) i gcás ina ndearna OSFC cinntí gan faoiseamh nó páirtfhaoiseamh a dheonú roimhe sin. Sna cásanna sin, chuir an Ard-Chúirt ordú srianta nó dícháilithe ar dhuine amháin nó níos mó de na stiúrthóirí i 49 gcás (75 i 2007), is é sin i 91% de na cásanna (96% i 2007). Ní dhearnadh aon ordú srianta maidir leis na cúig chás a bhí fágtha (trí cinn i 2007). Tá sé le tuiscint ó na torthaí sin go bhfuil ag éirí leis an OSFC cásanna atá oiriúnach do chaingean san Ard-Chúirt a aithint.

32 Deonaíodh 'faoiseamh iomlán' i gcásanna a raibh OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, go raibh sé taispeánta ar bhealach sásúil ag stiúrthóirí uile na cuideachta dócmhainní gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

33 Níor deonaíodh faoiseamh nuair a bhí an OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, nach raibh sé taispeánta ar bhealach sásúil ag aon duine de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

34 Deonaíodh faoiseamh 'ag an am seo' i gcásanna ina raibh OSFC sásta gur theastaigh tuilleadh ama ón leachtaitheoir chun na cúinsí ba chúis le forléasadh na cuideachta a imscrúdú mar ba chúf. Cuireann an OSFC ceangal ar leachtaitheoirí den chineál sin an dara tuarascáil a chur isteach; déantar cinneadh nua maidir le faoiseamh ina dhiaidh sin.

35 Deonaíodh 'páirtfhaoiseamh' nuair a bhí an OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, go raibh sé taispeánta ag roinnt de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu cé nárbh fhíor sin do stiúrthóirí uile na cuideachta.

Maidir le stiúrthóirí aonair, cuireadh ordú srianta ar 76 stiúrthóir (69 i 2007), dícháilíodh seisear stiúrthóir³⁶ (seachtar i 2007) agus cuireadh idir ordú srianta agus ordú dícháilithe ar beirt stiúrthóir i 2008 (duine amháin i 2007). Is ionann sin agus 90% de na 92 stiúrthóir a bhí ina n-ábhar d'imeachtaí um shrianadh nó dhícháiliú i 2008.

Chuir an Ard-Chúirt ordú srianta ar 81 dhuine nua i 2008; is de bharr imeachtaí de bhun Alt 56 a srianadh 78 acu. Maidir leis an triúr eile, ba stiúrthóir ar chuideachta dhócmhainneach a baineadh de Chlár na gCuideachta duine amháin acu agus d'eascair an t-ordú srianta a cuireadh ar an mbeirt eile as leachtú a ghabhann i bhfad siar go dáta roimh bhunú OSFC.

Tríd is tríd bhí laghdú glan ó 791 go 624 ar líon na ndaoine ar Chlár OCC na nDaoine Srianta de bhrí gur baineadh den Chlár i 2008 roinnt daoine a cuireadh ordú srianta orthu níos luaithe toisc go raibh a dtéarmaí srianta cúig bliana istigh. Cuireann an tábla a leanas in iúl líon na ndaoine ar Chlár na nDaoine Srianta ag deireadh gach bliana ó 2004 i leith.

Líon na Stiúrthóirí a bhí stádas srianta acu ó dheireadh 2004 go deireadh 2008 go huile

Deireadh 2004	Deireadh 2005	Deireadh 2006	Deireadh 2007	Deireadh 2008
487	600	685	791	624

Coinníonn Cláraitheoir na gCuideachtaí cláir chun dáta de na daoine srianta agus dícháilithe agus tá áis chuardaigh phoiblí ar líne le haghaidh na gclár sin ar fáil ag www.cro.ie.

Maidir leis na himeachtaí um shrianadh a tugadh chun críche san Ard-Chúirt i 2008 léirítear in **Aguisín 4.2.1** den Tuarascáil seo toradh na gcásanna ina ndearnadh orduithe srianta móide ainmneacha na ndaoine a bhí i gceist.

Ainmnítear in **Aguisín 4.2.2** na cúig chuideachta ar chinn an Ard-Chúirt i 2008 nár chóir ordú srianta a chur ar aon duine dá stiúrthóirí.

Tugann an Stiúrthóir moladh do roinnt leachtaitheoirí atá toilteanach imeachtaí dícháilithe i ndáil le mí-iompar tromchúiseach braite a thionscnamh ar bhonn leanúnach. I 2008 tionscnaíodh imeachtaí rathúla i gcoinne ochtar stiúrthóir ar chuideachtaí dócmhainneacha (ochtar i 2007). Ainmnítear in **Aguisín 4.2.3** na daoine atá i gceist agus na tréimhsí dícháilithe. Tá roinnt faisnéise maidir leis na cásanna seo ar fáil i **Léiriú 4.2.1** a ghabhann leis seo. Tá súil leis an Stiúrthóir go dtionscnófar cásanna eile cosúil leo sin i 2009.

Léiriú 4.2.1: Cuideachtaí Dócmhainneacha : Dícháilithe Leachtaitheora i 2008

Cuireadh ordú dícháilithe ar feadh ocht mbliana ar an Uasail Colm Griffin stiúrthóir ar Rosmuc Developments Ltd, cuideachta thógála. Bhí fianaise ar loiceadh maidir le leabhair chuntais agus taifid chuí a choinneáil, ar loiceadh cuntais iniúchta a ullmhú, ar neamhaird a dhéanamh d'oibleagáidí maidir le cáin agus d'oibleagáidí tuairisceán reachtúil a chur chuig OCC agus ar úsáid chalaioiseach sonrasc chun íocaíocht Chánach Conarthaí Iomchuí (CCI) a sheachaint.

Cuireadh ordú dícháilithe ar an Uasail David Kavanagh, stiúrthóir na gcuideachtaí iompar lastais Kamar Transport Ltd agus Kamar Transport (Kilkenny) Ltd. D'éist an Chúirt le fianaise ar íocaíochtaí toiliúla tosaíochta agus ar loiceadh leabhair chuntais agus taifid chuí a choinneáil, ar loiceadh cáin a bhí dlite a sheoladh ar aghaidh agus ar loiceadh cúrsaí na gcuideachta seo agus cuideachtaí gaolmhara eile a scaradh ó chéile.

Dícháilíodh ar feadh sé bliana an duine beirt stiúrthóir ar Devey Enterprises Ltd. a chuireadh seirbhísí plástrála ar fáil don earnáil tógála chónaitheach. Bhí fianaise ann gur ghlac na stiúrthóirí an tUasal Mark Devey agus Jacinta Devey Uas. le hiasachtaí mídhleathacha de €2.8 milliún ón gcuideachta chun a leasa pearsanta agus nár íocadh ar ais iad, go ndearna siad íocaíochtaí tosaíochta roimh leachtú agus gur chlis orthu leabhair chuntais agus taifid chuí a choinneáil agus tuairisceáin chánach agus tuairisceáin reachtúla a chur chuig OCC ar feadh roinnt blianta. Ba mhó ná €1 milliún na dliteanas chánach ar leachtú.

Dícháilíodh an tUasal Simon Bermingham, stiúrthóir Bermingham Construction Ltd, ar feadh cúig bliana. D'éist an Chúirt le fianaise nár coinníodh leabhair chuntais agus taifid chuí, nár ullmhaíodh cuntais iniúchta agus gur bheag an iarracht a bhí déanta oibleagáidí cánach a chomhlíonadh agus tuairisceán bliantúil a chur chuig OCC. Measadh go raibh dliteanas cánach de €500,000 ann.

Dícháilíodh an tUasal Conor Govern agus Eimear Govern Uas., stiúrthóirí Oakley Formwork Ltd. a mhonaraigh múnlaíreachtaí éagsúla coinceáide, ar feadh cúig bliana an duine. Bhí fianaise ann nár coinníodh leabhair chuntais agus taifid chuí, nár ullmhaíodh cuntais iniúchta, gur cláraíodh tuairisceán mícheart agus ganniontráilte leis na Coimisinéirí Ioncaim, go ndearnadh íocaíochtaí tosaíochta chun ráthaíochtaí pearsanta a laghdú agus nár cláraíodh tuairisceáin reachtúla le OCC ar feadh roinnt blianta.

Dícháilíodh an tUasal Gary Keating, stiúrthóir ar Keating Interiors Ltd, ar feadh ceithre bliana agus srianadh é ar feadh cúig bliana. Bhí fianaise ann gur brionnáíodh síniú stiúrthóirí eile ar ráitis airgeadais na cuideachta agus go raibh níos mó ná €900,000 d'fhiacha amuigh ag na Coimisinéirí uirthi.

³⁶ Duine a dhícháilítear san Ard-Chúirt toirmiscear é ó bheith ceaptha nó ó ghníomhú mar iniúchóir, mar stiúrthóir nó mar oifigeach eile, mar ghlacadóir, mar leachtaitheoir nó mar scrúdaitheoir agus ó bheith bainteach ar bhealach ar bith, bíodh sé go díreach nó go hindíreach go hiomlán nó go páirteach i gcur chun cinn, i bhfoirmiú nó i mbainistíocht chuideachta ar bith nó aon chumann atá cláraithe faoi na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair. Duine atá dícháilithe agus a sháraíonn ordú Cúirte dlífeair a chiontú agus a dhícháiliú ar feadh deich mbliana.

Faoiseamh ó Shrianadh

Féadfaidh stiúrthóir atá srianta iarratas ar fhaoiseamh iomlán nó páirteach a chur chuig an Ard-Chúirt taobh istigh de bhliain amháin ón uair a rinneadh an t-ordú srianta.

Féadfaidh an Ard-Chúirt, má mheasann sí go bhfuil sé cóir agus cothromasach é a dhéanamh, faoiseamh dá leithéid a dheonú ar cibé téarmaí agus coinníollacha a shíleann sí a bheith iomchuí³⁷.

Déanann OSFC monatóireacht ar iarratais ar fhaoiseamh arna bpleanáil agus bíonn sí ag iarraidh idirghabháil a dhéanamh i gcásanna iomchuí chun comhchuibheas an chórais reachtúil atá ann a choinneáil slán an oiread agus is féidir. Chomh fada agus is eol don Oifig ní dhearnadh aon iarratais ar fhaoiseamh i 2008. Ach is eol go bhfuil achomharc á dhéanamh maidir le trí ordú srianta sa Chúirt Uachtarach.

Ar Lorg Stiúrthóirí atá ag sárú Coinníollacha um Dhícháiliú nó um Shrianadh

Mar a chuirtear in iúl thuas sa Tuarascáil seo, tugann imscrúduithe OSFC le tuiscint ó am go chéile go bhfuil roinnt daoine atá dícháilithe nó srianta ag gníomhú i gcuideachtaí i gcónaí de shárú ar an dlí. Leanfaidh an Oifig léi ag ionchúiseamh daoine dá leithéid d'fhonn an baol do ghníomhaíocht dhliteanach gnó chorparáidigh a laghdú.

Orduithe Dícháilithe Measta

I gcás duine a chiontaítear ar díotáil in aon chion indíotáilte a bhaineann le cuideachta, nó a mbaineann calaois nó mímhacántacht leis foráiltear sa dlí³⁸ go measfar é/í a bheith faoi réir ordú dícháilithe ar feadh tréimhse chúig bliana ó dháta an chiontaithe nó ar feadh cibé tréimhse eile a ordóidh an chúirt, ar iarratas ón ionchúisitheoir. Tá cás a bhaineann le stiúrthóir amháin a dícháilíodh faoin bhforáil seo i 2008 i **Léiriú 3.3** sa rannán den Tuarascáil roimhe seo.

Tá suas le 2,700 duine (2,200 ag deireadh 2007) ainmnithe anois ar Chlár na nDaoine Dícháilithe cé go ndearaíonn sé go bhfuil roinnt iontrálacha ann faoi dhó. Meastar 2,444 dhuine a bheith dícháilithe; is trí Ordú na hArd-Chúirte a dícháilíodh 163; dícháilíodh 36 ag eascairt as loiceadh an dícháiliú i ndlínse eile a fhógairt, agus dícháilíodh 12 ar an mbonn gur ghníomhaigh siad mar stiúrthóirí le linn dóibh bheith srianta.

Fo-Aidhm 4.3: Iompar Calaoiseach nó Maslach a Phionósú

Réamhrá

I dTuarascálacha Bliantúla a eisíodh roimhe seo tá sé curtha in iúl ag OSFC go bhfuil sí i bhfách le himscrúdú a

dhéanamh ar chleachtais ‘athbheochana’ (‘phoenix’) nó ar chleachtais eile arb é an gnáth-thoradh a bhíonn orthu go nglacann cuideachta nua sócmhainní agus gnó (ach ní dliteanais) na cuideachta loicthe chuige féin i dtreo is:

- go saobhtar an iomaíocht sa mhargadh gnó infheidhme toisc go dtairbhíonn an cuideachta de chostais níos ísle ná costais an mhargaidh (mar shampla trí neamhíocaíocht chreidiúnaithe agus/nó na gCoimisinéirí Ioncaim). Dá thoradh sin d’fhéadfaí buntáiste míchothrom iomaíochta a bhaint amach i láthair an mhargaidh;
- go bhfulaingíonn creidiúnaithe caillteanas airgeadais agus gur féidir go gclisfidh ar chuid acu dá bharr, agus
- nach mbíonn dliteanas pearsanta ar stiúrthóirí i ndáil le caillteanas tráchtála nó go mbíonn bealach éalaithe eile acu ón bhfreagracht as loiceadh na cuideachta.

Cuideachtaí atá ‘Bainte de’ Chlár na gCuideachtaí

Dhírigh OSFC a haird ar bhonn leanúnach i 2008 ar chuideachtaí dócmhainneacha ar thréig a stiúrthóirí iad agus ar “baineadh de” Chlár na gCuideachtaí iad ina dhiaidh sin as siocair loicthe tuairisceáin bhliantúla a chlárú. Tá an bealach oscailte don Stiúrthóir iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt³⁹ chun stiúrthóirí cuideachtaí dá leithéid atá bainte de chlár na gcuideachta a dhícháiliú. Ach foráiltear sa dlí⁴⁰ freisin nach féidir leis an Ard-Chúirt ordú dícháilithe a chur ar dhuine a léiríonn don chúirt nach raibh aon dliteanais ag an gcuideachta tráth ar baineadh den Chlár í nó go raibh na dliteanais sin diúscartha roimh thionscnamh an iarratais ar dhícháiliú. In ionad breithniú a dhéanamh ar cén pionós ba chóir a fhorchur, féadfaidh an Chúirt na stiúrthóirí a shrianadh i gcás go mbreithníonn sí nach bhfuil údar leis an dícháiliú.

Ach ní thagann caingean Cúirte i gceist i ndáil le gach cuideachta atá bainte den chlár a ndéanann an Oifig imscrúdú uirthi. I roinnt cásanna bíonn na hiarstiúrthóirí in ann OSFC a shásamh go raibh na dliteanais uile réitithe tráth ar baineadh an chuideachta den chlár nó sular cuireadh tús le haon imeachtaí Cúirte. Chuige sin éilítear de ghnáth go n-ullmhófar agus go gcuirfear isteach na cuntais chuí, cuntais a théann na blianta siar go minic, ina dtaispeántar trádáil na cuideachta sa tréimhse ó cuireadh an tsraith dheireanach chuntas chuig an OCC nó ó rinneadh an t-ionchorprú i gcásanna nár cuireadh cuntais isteach riamh chuig an OCC. Éilítear ar na hiarstiúrthóirí freisin go dtaispeánfaidh siad go bhfuil na fiacha atá amuigh ag na creidiúnaithe uile íoctha nó réitithe agus is minic a iarrtar fóirú neamhspleách maidir leis sin ar chreidiúnaithe aonair.

Mar shampla air sin rinne stiúrthóirí ceithre chuideachta ghaolmhara a bhí bainte den chlár íocaíochtaí de thart ar €50,000 i 2008 chun dliteanais na gcuideachta i leith na

37 Alt 152 d’Acht na gCuideachtaí 1990.

38 Alt 160(1) d’Acht na gCuideachtaí 1990.

39 Alt 160(2)(h) d’Acht na gCuideachtaí 1990.

40 Alt 160(3A) d’Acht na gCuideachtaí 1990.

gCoimisinéirí Ioncaim a réiteach. Níor chuaigh an Stiúrthóir ar aghaidh leis na himeachtaí dícháilithe sna cásanna sin.

I roinnt beag cásanna a ndearna an Oifig scrúdú orthu, rinne na hiarstiúrthóirí iarracht a gcúrsaí a thabhairt chun rialtacha tríd an gcuideachta a bhí bainte den Chlár a chur ar ais go foirmeálta ar an gClár. Mar chuid den nós imeachta sin ullmhaítear agus cuirtear isteach chuig an OCC na tuairisceáin bhliantúla uile atá fós gan bheith curtha isteach, íoctar na táillí a gearradh de bharr an chláráithe ródheireanaigh agus cuirtear iarratas foirmeálta chuig an Ard-Chúirt an chuideachta a chur ar ais ar an gClár i gcás a bhfuil an chuideachta bainte de ar feadh níos mó ná bliain amháin.

Mar a chuirtear in iúl sa rannán den Tuarascáil a chuaigh roimhe seo d'éirigh leis an Oifig ordú dícháilithe a bhaint amach i leith 12 stiúrthóirí ar chuideachtaí a bhí bainte den chlár (12 i 2007 freisin) ar fheadh tréimhsí ó cheithre bliana go seacht mbliana agus ordú srianta a bhaint amach i leith stiúrthóirí amháin ar feadh na tréimhse sainordaithí de chúig bliana. In **Aguisín 3.3** tá sonraí maidir leis na 12 ordú dícháilithe agus maidir leis an ordú srianta amháin a baineadh amach. Ag deireadh na bliana 2008 bhíothas ag feitheamh ar éisteacht chúig chás eile san Ard-Chúirt. Bhí go leor cásanna breise fós oscailte ag ceann na bliana agus tá súil leis go dtionscnófar roinnt chásanna eile i 2009.

I bhfianaise na n-iarmhairtí poitéinsiúla ar thréigean cuideachtaí dócmhainneacha a léirítear thuas, ba chóir do stiúrthóirí cuimhneamh air go mbeadh sé den chríonnacht a gcuideachta a chur faoi leachtú go foirmeálta nó socrúithe a dhéanamh chun í a bhaint den Chlár go deonach. I gcás cuideachta ar bith a baineadh de Chlár na gCuideachtaí, ba chóir go mbeadh stiúrthóirí feasach faoi go bhfuil na sócmhainní atá fágtha inti dílsithe don Aire Airgeadais de réir fhorálacha na n-Achtanna Maoine Stáit. Is é polasaí OSFC aird na Roinne Airgeadais a tharraingt ar chásanna ina n-aithnítear go raibh sócmhainní suntasacha ag cuideachta an tráth ar baineadh den Chlár í.

Conclúid

De thoradh an mhaoirsithe a rinne OSFC ar chuideachtaí dócmhainneacha i 2008 cuireadh ordú srianta nó dícháilithe ar thart ar 96 stiúrthóir i 2008. Beidh OSFC ag tabhairt aghaidh ar an réimse seo ar bhonn leanúnach i 2009 i gcomhar le leachtaitheoirí agus leis na Cúirteanna chun cosc a chur ar iompar mífhreagrach nó mídhleathach.